



An Bhruiséil, 12 Feabhra 2019
(OR. en)

6323/19

FIN 130
INST 39

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 5823/19
roimhe seo:

Ábhar: Treoirlínte buiséid do 2020

– *Conclúidí ón gComhairle (12 Feabhra 2019)*

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis na treoirlínte buiséid do 2020, a ghlac an Chomhairle ag an 3671ú cruinniú dá cuid ar an 12 Feabhra 2019.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LE TREOIRLÍNTE BUISÉID DO 2020**

Réamhrá

1. Cuireann an Chomhairle i bhfáth go mbeidh an nós imeachta buiséadach le haghaidh 2020 ar an gceann deireanach i gclárthréimhse 2014-2020. I ndáil leis sin, beidh ról tábhachtach ag an mbuiséad ó thaobh cuspóirí agus tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI).
2. Measann an Chomhairle gur cheart buiséadú stuama a áirithiú sa bhuiséad do 2020 agus gur cheart corrlaigh leordhóthanacha a bheith sna huasteorainneacha chun dul in ngleic le haon imthosca gan choinne. Ba cheart, ag an am céanna, go leor acmhainní a leithdháileadh ar na cláir agus ar na gníomhaíochtaí is mó a chuidíonn beartais an Aontais a bhaint amach. Ina theannta sin, a bhuí leis an mbuiséad ba cheart go mbeifí in ann na gealltanais a tugadh cheana faoin CAI reatha a íoc in am trátha ionas go seachnófaí aon éilimh neamhíochta, go háirithe sa bheartas comhtháthaithe.
3. Measann an Chomhairle nach mór smacht buiséadach a choimeád ar gach leibhéal agus nach mór freisin CAI, an t-athbhreithniú meántearma ar CAI (AMT) agus na gealltanais a tugadh roimhe seo a urramú. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá an caiteachas riachtanach uile a mhaoiniú a mhéid is féidir gan dul ar iontaoibh sásraí cistiúcháin lasmuigh de CAI lena gcuirtear prionsabail bhuiséadacha i mbaol. Mar riail ghinearálta, níor cheart athghealladh a thabhairt nó síneadh a chur leis na tréimhsí saortha.
4. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le hintuarthacht i leith ranníocaíochtaí na mBallstát le buiséad an Aontais agus i leith aistrithe ó bhuiséad an Aontais go dtí na Ballstáit, agus meabhraíonn sí go gcruthaítear dúshlán nach bhfuil ag teastáil sna buiséid náisiúnta le róbhuiséadú agus tearcbhuiséadú. Ba cheart a laghad úsáide is féidir a bhaint as uirlisí ceartaitheacha buiséadacha amhail buiséid leasaitheacha, ba cheart iad chur faoi bhráid na Comhairle a luaithé is féidir agus ba cheart iad a mhaoiniú go príomha trí bhíthin imscartha.

5. Tugann an Chomhairle Caibidil 2 de Chuid 5 den dréacht-Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach dá haire, ar dá réir, don bhliain 2019 agus don bhliain 2020, i gcomhréir le Cuid a Ceathair, a rannchuideoidh an Ríocht Aontaithe le chur chun feidhme bhuiséid an Aontais agus a mbeidh sí rannpháirteach iontu.
6. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún an dréachtbhuiséad don bhliain 2020 a chur i láthair a luaithe is féidir chun go mbeidh an Chomhairle in ann anailís cheart a dhéanamh air.

Príomhghnéithe an bhuiséid do 2020

7. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil gá le buiséad réalaíoch lena dtugtar urraim do phrionsabail an bhainistithe fhónta airgeadais agus na bliantúlachta. Agus an dréachtbhuiséad do 2020 á bhunú, ba cheart don Choimisiún an dlúthchaidreamh idir leibhéal na ngealltanais agus leibhéal na n-íocaíochtaí, méid na ngealltanais nár úsáideadh, an gá atá le huasteorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil a urramú, an acmhainn ionsúcháin agus an dlús atá faoi chur chun feidhme na gelár a chur san áireamh.
8. Maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, ba cheart leibhéal na leithreasuithe sin a choimeád faoi smacht agus ba cheart dóibh a bheith bunaithe ar riachtanais a bhfuil bonn cirt leo. Is den tábhacht leibhéal leordhóthanach leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhunú don bhliain dheireanach den chlárthréimhse chun a áirithiú go ndéanfar forchéimniú ar bhealach ordúil i ndáil leis na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bheidh comhréireach leis na leithreasuithe údaráithe faoi chomhair oibleagáidí, agus, ar an gcaoi sin, bac a chur roimh ré ar chardadh billí neamhíoctha amach anseo. Agus an dréachtbhuiséad á ullmhú aige, ba cheart don Choimisiún aird a thabhairt ar na réamhaisnéisí a bhfuil feabhas mór tagtha orthu, a thíolaic na Ballstáit, agus a chur san áireamh go bhfuil dul chun cinn déanta i ndáil le conarthaí a dhámhachtain i gcoitinne.

9. Gan dochar do Phointe 8¹ den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais (IIA)², cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá corrlaigh leordhóthanacha maidir le gealltanais a bheith faoi na ceannteidil go léir. Dá bhrí sin, ba cheart slógadh na n-ionstraimí speisialta le haghaidh gealltanais a theorannú. Más rud é go mbeidh gá leo chun imthosca sonraithe gan choinne a mhaoiniú, níor cheart iad a thíolacadh ach i gcás ina mbeidh gach rogha eile curtha as an áireamh.
10. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart, leis an mbuiséad do 2020, na huasteorainneacha ábhartha atá sa Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil don tréimhse 2014-2020³ agus an AMT a urramú. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún léiriú soiléir a thabhairt ar na línte buiséid óna ndearnadh leithreasuithe a ath-imscaradh nó a dheonú mar bhreisthe nó a ndéanfar leithreasuithe a ath-imscaradh nó a dheonú mar bhreisthe dóibh, i gcomhréir le comhaontú AMT, le linn na tréimhse atá i gceist, agus go háirithe in 2020. Iarrann an Chomhairle go sonrach ar an gCoimisiún léiriú soiléir a thabhairt ar an gcaoi a ndéanfar na breisthe i gceannteideal 1 a bhaineann leis an AMT a ath-imscaradh nó a fhritháireamh sa bhuiséad do 2020. Tá an Chomhairle ag súil go n-urramóidh an Coimisiún na sceidil íocaíochta a comhaontaíodh do na cistí ráthaíochta, go háirithe an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS).

¹ "8. *Airitheoidh na hinstiúidí, chun críocha bainistíocht fhónta airgeadais, a mhéid is féidir le linn an nós imeachta buiséadach agus tráth a nglacfaí an buiséad go mbeidh corrlaigh leordhóthanacha fós ar fáil faoi na huasteorainneacha do na ceannteidil éagsúla de CAI, cé is moite den cheannteideal "Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach".*"

² Comhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais (IO C 373, 20.12.2013, lch. 1).

³ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

11. Tá an Chomhairle ag súil go ndéanfaidh an Coimisiún an buiséad a chur chun feidhme i gcomhréir leis na leithreasuithe a comhaontaíodh sa bhuiséad bliantúil, lena n-áirítear a bheith in ann acmhainní a ath-imscaradh nuair is iomchuí. Maidir le huirlisí ceartaitheacha buiséadacha amhail buiséid leasaitheacha, ba cheart iad a choinneáil chomh híseal agus a bhfuil bonn cirt leis agus i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais⁴, agus ba cheart iad a mhaoiniú go príomha trí bhíthin imscartha, agus ba cheart iad a thabhairt isteach ar bhealach tráthúil ionas nach gcuirfear isteach ar fheidhmiú chlár an Aontais. Más gá bearta ceartaitheacha a dhéanamh, athdhearbhaíonn an Chomhairle a gealltanais láidir go nglacfaidh sí seasamh a luaithe is féidir maidir le dréachtbhuiséid leasaitheacha.
12. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún réamhaisnéisí ardcháilíochta a chur ar fáil maidir le hioncam agus caiteachas araon ina dréachtbhuiséad féin agus le linn an phróisis bhuiséadaigh iomláin, agus faisnéis bheacht thrédhearcach a chur ar fáil go tráthúil maidir leis na foshuíomhanna bunúsacha agus maidir le figiúirí an bhuiséid. Tá sé bunriachtanach gur réamhaisnéisí cruinne iontaofa ar na foinsí uile ioncaim agus ar an gcur chun feidhme a rinneadh san am a chuaigh thart agus a dhéanfar amach anseo a bheith sna réamhaisnéisí ón gCoimisiún chun an tearcbhuiséadú agus an róbhuiséadú a sheachaint, agus chun tabhairt anonn gan údar nó tabhairt anonn iomarcach a sheachaint freisin. Leis sin, féadfaidh an Chomhairle measúnú a dhéanamh ar iarratais a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le leithreasuithe breise nó le hath-imscaradh na n-acmhainní atá ann cheana.
13. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an dréachtbhuiséad cruinn ionas go mbeidh na Ballstáit in ann na ranníocaíochtaí a dhéanfaidh siad le buiséad an Aontais a réamh-mheas go beacht. Meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil an deis ag an gCoimisiún agus go bhfuil sé de fhreagracht air, i gcomhréir leis an gConradh, athbhreithniú agus coigeartú a dhéanamh ar na meastacháin ar chaiteachas don bhliain dár gcionn a bhíonn á gcur ar fáil ag Ard-Stiúrthóireachtaí caiteachais agus institiúidí eile sula ndéantar iad a chur i láthair sa dréachtbhuiséad. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar na gníomhaithe uile, agus go háirithe ar an gCoimisiún, bearta iomchuí a dhéanamh ionas nach gcaithfí a iarraidh ar na Ballstáit ranníocaíochtaí a mhéadú nó a laghdú, go háirithe nuair a d'fhéadfadh tionchar mór a bheith aige sin ar na buiséid náisiúnta.
14. Meabhraíonn an Chomhairle prionsabal aontacht an bhuiséid agus iarrann sí ar an gCoimisiún foráil a dhéanamh do na modhanna airgeadais is gá d'fhonn beartais an Aontais a chur chun feidhme laistigh de bhuiséad an Aontais. Tá thrédhearcacht iomlán ríthábhachtach ó thaobh

⁴ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

bainistíocht fhónta airgeadais chistí an Aontais, mar sin ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis ábhartha uile a chur ar fáil a luaithe a mbeidh teacht uirthi, lena n-áirítear faisnéis maidir le hioncam sannta. Iarrann an Chomhairle ar na hinstitiúidí uile, ar na gníomhaireachtaí uile agus ar na comhlachtaí eile leanúint den fhaisnéis uile is ábhartha a chur ar fáil a thúsce a mbeidh fáil uirthi agus ar bhonn rialta.

15. Ba cheart do na hinstitiúidí uile, na gníomhaireachtaí uile agus na comhlachtaí eile leanúint den ioncam a shanntar don bhliain atá le teacht a mheas go cuí agus é a áireamh ina ndréachtmheastacháin. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún na meastacháin sin a chur san áireamh agus an buiséad do 2020 á dhréachtú aige.
16. Meabhraíonn an Chomhairle, maidir leis na fineálacha, na pionóis agus an t-ús fabhráithe go léir arna bhforchur ag an gCoimisiún, gur cheart iad a iontráil sa bhuiséad ar bhealach trédhearcach i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Airgeadais.
17. Is ábhar inní don Chomhairle leibhéal na ngealltanais nár úsáideadh (RAL)⁵ agus leanfaidh sí de mhaoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an leibhéil sin. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint d'fhaireachán cúramach a dhéanamh ar an bhforbairt a thiocfaidh ar RAL de réir teidil agus de réir cláir ar bhonn rialta agus na gealltanais nár úsáideadh a réiteach nó a shaoradh go tráthúil agus i gcomhréir leis na rialacha ábhartha. Tá an Chomhairle ag súil go ndéanfaidh an Coimisiún réamhaisnéis íocaíochta a thíolacadh don bhliain 2020 agus ina dhiaidh sin roimh mhí Iúil 2019 agus é a thabhairt cothrom le dáta go rialta.

⁵ De réir thuarascáil cur chun feidhme an Choimisiúin, b'fhiú EUR 299 998.99 milliún gealltanais an Choimisiúin nár úsáideadh (RAL) amhail an 30 Samhain 2018.

Ceisteanna sonracha

Doiciméid bhuiséadacha chuimsitheacha

18. Molann an Chomhairle don Choimisiún feabhas a chur, ar bhonn leanúnach, ar a bhfuil sna ndoiciméid bhuiséadacha ionas gur níos simplí, níos gonta agus níos trédhearcaí a bheidh siad. Ba cheart dóibh bonn cirt a chur faoi na leithreasuithe a iarradh, lena n-áirítear an tionchar a bheidh acu ó thaobh próifílí íocaíochta do na blianta go dtí 2020 agus ina dhiaidh. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún go mbeadh sonraí faoin tionchar comhfhreagrach measta i dtaca le híocaíochtaí agus gealltanais le linn na clárthréimhse reatha agus le linn na chéad chlárthréimhsí eile a bheadh ag gabháil le haon togra lena leasaítear an leibhéal a comhaontaíodh i dtaobh na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus le haon togra maidir le slógadh ionstraime speisialta, agus an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta más rud é gur leasaíodh é le huirilis cheartaitheach bhuiséadach. Is fada leis an gComhairle go bhfaighidh sí an fhaisnéis bhreise atá le cur ar fáil leis an dréachtbhuiseád de bhun Airteagal 41 den Rialachán Airgeadais nua. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a réamhaisnéis fhadtéarmach maidir leis na hinsreafaí agus na heis-sreafaí san am atá le teacht, lena gcumhdaítear na chéad chúig bliana eile, a chur i láthair de bhun Airteagal 247(1)(c) den Rialachán Airgeadais nua. Go háirithe, iarrann an Chomhairle miondealú mionsonraithe ar an RAL measta bliantúil de réir ceannteidil agus cláir.
19. Aithníonn an Chomhairle an fiúntas a bhaineann le córas an Choimisiúin "Faireachán agus Tuar Gníomhach ar Chur Chun Feidhme an Bhuiséid", chun, *inter alia*, nach gcarnfar riaráiste mór ag deireadh na clárthréimhse. Meabhraíonn sí gur cheart a áireamh sa chleachtas tuairiscithe sin réamhaisnéisí íocaíochta a thugtar cothrom le dáta go rialta agus a ndéanfar plé orthu ag cruinnithe tiomnaithe idirinstiúideacha, i gcomhréir le mír 3 de phointe 36 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an IIA.

20. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a chur in iarscríbhinn a ghabhfaidh leis an dréachtbhuiséad liosta cuimsitheach de na tograí ón gCoimisiún nár glacadh go fóill agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an mbuiséad de réir líne bhuiséid, lena n-áirítear leibhéal na leithreasuithe lena mbaineann, agus ar an líon foirne, agus an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a mholann sé le haghaidh gníomhartha dlí nua nó leasuithe ar ghníomhartha dlí atá ann cheana nár glacadh go fóill a áireamh i gcúlchiste.
21. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún chomh maith a chinntiú go mbeidh tábla cuimsitheach don bhliain 2020 ag gabháil leis an dréachtbhuiséad, tábla ina gcomhdhlúthófar meastachán ar na cineálacha go léir ioncam sannta inmheánach de réir líne bhuiséid agus ceannteideal, agus ina dtabharfar forléargas ar na fineálacha is dócha a chuirfear isteach sa bhuiséad, mar aon le faisnéis chuimsitheach faoi chur chun feidhme na n-ionstraimí speisialta a bhaineann le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon.
22. Is díol sásaimh don Chomhairle an dea-chleachtas go ngabhann nuashonrú ar leibhéal cur chun feidhme an uasmhéid bhliantúil a leagtar síos i leith na hionstraime speisialta sa bhliain airgeadais le gach togra le haghaidh aistriú leithreasuithe a bhaineann le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú agus an Chúlchiste um Chabhair Éigeandála. Ar an gcuma chéanna, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an fhaisnéis is déanaí a thabhairt ar bhonn tráthrialta maidir le leibhéal cur chun feidhme na réamhíocaíochtaí a bhaineann le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh.
23. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, agus slógadh ionstraime speisialta á mholadh aige, a áireamh sa togra an fhaisnéis is déanaí maidir le leibhéal cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí de chuid na hionstraime speisialta lena mbaineann.

24. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, i gcás inar féidir, forléargas soiléir a thabhairt ar dhliteanais theagmhasacha a eascraíonn as ráthaíochtaí buiséadacha trí nuashonruithe rialta, lena n-áirítear miondealú mionsonraithe de réir foinse/ionstraime agus tionchar féideartha buiséadach gaolmhar an dliteanais i gcoinne na huasteorann acmhainní dílse, sula gcuirfear an oibleagáid dhlíthiúil ón Rialachán Airgeadais nua i bhfeidhm.
25. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil ráitis faoi chláir ar ardcháilíocht agus faisnéis airgeadais tráthúil maidir le tograí caiteachais ríthábhachtach chun go bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle tosaíochtaí buiséadacha a bhunú, a dheimhniú nó a mhodhnú. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle an *Forléargas nua ar Fheidhmíocht Cláir* ón gCoimisiún agus iarrann sí ar an gCoimisiún forléargas den chineál sin a sholáthar in am ionas gur féidir aird chuí a thabhairt air. Leis an bhforléargas sin, chomh maith leis na ráitis faoi chláir, ba cheart díriú, go háirithe, ar fhaisnéis maidir le feidhmíocht, lena n-áirítear na torthaí a baineadh amach, ar an údar atá le leibhéal na leithreasuithe a iarradh agus ar bhreisluach na ngníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais. Ba cheart go mbeadh an anailís sin nasctha go soiléir leis na línte ábhartha buiséid chun tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta buiséadach.

Comhar idirinstiúideach le linn an nós imeachta bhuiséadaigh

26. Molann an Chomhairle do na hinstiúidí uile comhoibriú ar bhealach éifeachtach, cuiditheach, a éascódh nós imeachta buiséadach rianúil ionas go bhféadfaí buiséad a bhunú do 2020 laistigh de na spriocamanna a leagtar síos leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i gcomhréir le forálacha IIA.
27. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar an ráiteas faoi mheastacháin le haghaidh 2020 a chur i láthair go tráthúil le go mbeidh a dóthain ama ag gach instiúid tabhairt faoi anailís theicniúil mhionsonraithe ar na meastacháin arna scaipeadh agus a seasamh a ullmhú go críochnúil agus i gcomhréir le féilire pragmatach comhaontaithe.

28. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé gné bhliantúil an nós imeachta bhuiséadaigh a chaomhnú agus gan saincheisteanna a phlé nach mbaineann go díreach leis an idirbheartaíocht faoin mbuiséad bliantúil. Meabhraíonn sí go mbeidh sé de chuspóir ag an gCoiste Idir-Réitigh, a tionóladh i ndáil le hAirteagal 314 CFAE, buiséad a bhunú do 2020.
29. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeadh rochtain thráthúil agus chothrom ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid atá trédhearcach oibiachtúil, ag gach céim den idirbheartaíocht idir-réitigh. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ina ról mar idirghabhálaí neamhspleách, nós imeachta buiséadach atá dírithe go cuiditheach ar thosaíochtaí caiteachais nithiúla don bhliain 2020 a éascú. Chuige sin, áitíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún go seachnófar eilimintí nua a thabhairt isteach ina dhréachtbhuiséad nó tograí réitigh ina dhiaidh sin a chuirfeadh bac ar nós imeachta buiséadach rianúil.

Caiteachas riaracháin

30. Ba cheart caiteachas riaracháin an Aontais Eorpaigh a réasúnú tuilleadh. Mar sin, áitíonn an Chomhairle ar na hinstitiúidí uile a gcaiteachas riaracháin a laghdú nó a chalcadh agus maoiniú a iarraidh le haghaidh riachtanas a bhfuil bonn cirt leo amháin. Measann an Chomhairle go bhfuil gá le comhar níos dlúithe idir na hinstitiúidí agus comhlachtaí uile de chuid an Aontais, lena n-áirítear comhroinnt na seirbhísí, d'fhonn coigiltí eile a dhéanamh. Measann an Chomhairle gur gá faireachán leanúnach a dhéanamh ar an leibhéal foirne sna hinstitiúidí, sna comhlachtaí agus sna gníomhaireachtaí go léir. Tugann an Chomhairle dá haire Tuarascáil Scagtha Foirne 2018 agus molann sí do na hinstitiúidí uile leanúint, ar a laghad, de laghduithe a chur i bhfeidhm i gcoibhéisí lánaimseartha (FTE) i ngach catagóir foirne d'fhonn aon mhéadú atá riachtanach i bhfianaise tosaíochtaí beartais atá ag teacht chun cinn a fhrithchúiteamh.

31. Iarrann an Chomhairle ar gach institiúid agus ar gach comhlacht de chuid an Aontais faisnéis shoiléir chuimsitheach chomhdhlúite a chur ar fáil go tráthúil don Choimisiún maidir lena gcaiteachas riaracháin. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, cuirfidh an Coimisiún na doiciméid a leanas i gceangal leis an dréachtbhuiséad, doiciméid lena gceadaítear do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle meastóireacht a dhéanamh ar an gcás agus cinntí a ghlacadh, a bhfuil bunús maith leo, maidir le leithdháileadh acmhainní. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh cibé an bhféadfaí forléargas comparáideach ar na poist a líonadh amhail dá bhforáiltear in Airteagal 41(3)(b)(iii) den Rialachán Airgeadais a sholáthar sula gcuirfear an oibleagáid dhlíthiúil ón Rialachán Airgeadais nua i bhfeidhm. Ní mór aird chuí a thabhairt ar shothuigtheacht agus ar inchomparáideacht na faisnéise a chuirtear ar fáil le himeacht ama agus a chuirtear ar fáil idir institiúidí. Ba cheart do gach institiúid agus comhlacht de chuid an Aontais faisnéis shoiléir bheacht a sholáthar maidir le cur chun feidhme a mbuiséad san am a caitheadh, ina sonrófaí méid an ioncaim a tugadh anonn agus méid an ioncaim shannta a leithdháileadh.
32. Measann an Chomhairle gur gá faireachán agus rialú leanúnach a dhéanamh ar an leibhéal foirne sna h-institiúidí, sna comhlachtaí agus sna gníomhaireachtaí go léir. Tugann sí dá haire nár chomhlíon gach institiúid, comhlacht agus gníomhaireacht de chuid an Aontais an gealltanais a tugadh in IIA líon na bpost a laghdú 5 % sna pleananna bunaíochta a bhí acu le linn na tréimhse 2013-2017. Iarrann an Chomhairle dá bhrí sin ar na gníomhaireachtaí sin nach bhfuil a sprioc bainte amach acu na laghduithe atá fós ann a dhéanamh, agus iarrann sí ar an gCoimisiún an méid sin a chur san áireamh ina dhréachtbhuiséad don bhliain 2020.
33. Iarrann an Chomhairle an athuair⁶ go gcuirfidh an Coimisiún bearta leantacha iomchuí ar aghaidh d'fhonn na costais riaracháin a chobhsú i gceart agus smacht a choinneáil ar líon iomlán na foirne, lena n-áirítear gníomhairí ar conradh.

⁶ Conclúidí ón gComhairle maidir le treoirlínte buiséid do 2018 (6522/17) agus 2019 (6315/18), agus maidir leis an staidéar a rinne Eurostat ar impleachtaí fadtéarmacha chostas pinsin AE (14834/16).


34. Cé go dtuigeann sí gur ar bhonn ilbhliantúil a chuireann gníomhaireachtaí áirithe díláraithe gníomhaíochtaí i gcrích, meabhraíonn an Chomhairle go raibh tabhairt anonn substaintiúil ann, nach raibh aon údar leis i gcásanna áirithe, mar gheall ar an róbhuiséadú san am a caitheadh. Athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé cistiú na ngníomhaireachtaí sin a choimeád faoi smacht daingean agus é a theorannú do riachtanais a bhfuil bonn cirt leo amháin. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, agus a dhréachtbhuiséad do 2020 á bhunú aige, leanúint de na leithreasuithe nár úsáideadh a chur san áireamh. Iarrann sí ar an gCoimisiún freisin, breathnú go géar ar na hiarrataí ar chistiú agus ar phoist a dhéanfaidh na gníomhaireachtaí, agus an cur chun feidhme san am a chuaigh thart agus rátaí folúntas á gcur san áireamh, agus líon na mball foirne reachtúla. Moltar don Choimisiún leibhéal iomchuí FTE agus leithreasuithe comhfhreagracha a fhrithchúiteamh i gcásanna ina ndéanfar cúraimí a tharmligean chuig gníomhaireachtaí díláraithe nó comhlachtaí comhchosúla trí shainordú nua nó oiriúnaithe a mholadh lena n-aghaidh.
35. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún gach ciste atá le chur chun feidhme ag gníomhaireachtaí díláraithe a chomhchruinniú i líne bhuiséid na gníomhaireachta faoi seach, agus maoiniú trí dheontais bhreise agus comhaontuithe ranníocaíochtaí ó chlár de chuid an Aontais a sheachaint.
36. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh lena dtabharfar léargas cuimsitheach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le gníomhaireachtaí díláraithe, a gcúraimí reatha agus cúraimí atá beartaithe i dtaca le tograí reatha reachtacha, ina bhfuil béim ar leith ar bhreisluach an Aontais agus ar fhorbairt foirne, mar aon leis an dréachtbhuiséad don bhliain 2020.

Conclúid

37. Measann an Chomhairle gur cheart do bhuiséad an Aontais don bhliain 2020 urramú go hiomlán don chreat atá ann faoi láthair, do AMT agus do na gealltanais a rinneadh san am a chuaigh thart agus iarrann sí go ndéanfar buiséadú stuama agus corrlaigh leordhóthanacha. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha a bheith ann i mbuiséad 2020 d'fhonn geilleagar na hEorpa a neartú tuilleadh sna réimsí a chumhdaítear faoin CAI reatha. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur prionsabal uileghabhálach é úsáid thrédhearcach chruinn fhreagrach a bhaint as acmhainní an Aontais chun an tionscadal Eorpach a tharraingt níos gaire do shaoránaigh an Aontais.

38. Tacóidh an Chomhairle le buiséad réalaíoch do 2020, lena mbaintear amach cothromaíocht chuí idir stuamacht bhuiséadach agus caiteachas ar thosaíochtaí an Aontais. Cuireann sí i dtreis go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaí measúnú cruinn, intuartha, trédhearcach, tráthúil ar na riachtanais atá ann bunaithe ar fhaisnéis chuimsitheach bhuiséadach chun an cuspóir sin a bhaint amach. Cuirfidh an Chomhairle san áireamh, go háirithe, gurb í an bhliain 2020 an bhliain dheireanach den CAI reatha 2014-2020 agus dá bhrí sin ní mór na riachtanais chun na cláir reatha a chur i gcrích go rathúil a mheas go cúramach agus go réalaíoch.
39. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin gur gá go n-urramófar na coigeartuithe a rinneadh i gcomhthéacs an AMT agus na huasteorainneacha atá sa Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil don tréimhse 2014-2020. Tá corrlaigh leordhóthanacha faoi na huasteorainneacha bunriachtanach chun a bheith in ann dul i ngleic le cúinsí neamhthuartha agus leibhéal leordhóthanach cistiúcháin a chur ar fáil ag an am céanna, agus na gealltanais a tugadh cheana a urramú i bhfianaise an dlúis atá faoi chur chun feidhme na gclár don tréimhse 2014-2020. Ina theannta sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé réamhaisnéisí ioncaim a thabhairt atá beacht, iontaofa, agus a chuirfidh ar chumas na mBallstát a mheas in am trátha méid na ranníocaíochtaí a bheifear ag súil a dhéanfaidh siad le buiséad an Aontais.
40. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá prionsabail bhuiséadacha a urramú, go háirithe bliantúlacht agus aontacht an bhuiséid. Mar riail ghinearálta níor cheart athghealladh a thabhairt ná síneadh a chur leis na tréimhsí saortha.
41. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá na treoirlínte sin agus tá sí ag iarraidh go gcuirfidh an Coimisiún san áireamh iad mar is cuí nuair a bheidh an dréachtbhuiséad do 2020 á ullmhú. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an idirbheartaíocht le linn an nós imeachta buiséadaigh iomláin a éascú.
42. Cuirfear na treoirlínte seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gCoimisiún, chomh maith leis na hinstitiúidí eile.

Éabhlóid leithreasuithe íocaíochta (2007-2018)



ÉABHLÓID LEITHREASUITHE ÍOCAÍOCHTA (2007-2018)
(seachas ioncam atá sannta)

(EUR milliún) ¹										
Nós imeachta buiséadach	(P)DB	(P)DB (ALanna san áireamh)	Seasamh na Comhairle	Seasamh PE	An buiséad ar vótáladh ina fhabhar	An buiséad deiridh (Buiséid Leasaitheacha san áireamh agus an méid a tugadh anonn) ²	Cur chun feidhme ³	An buiséad deiridh – cur chun feidhme (figiúiri)	An buiséad deiridh – cur chun feidhme (%)	Cur chun feidhme/(P)DB (ALanna san áireamh)
	1	2			3	4	5	6 (=4 - 5)	7 (=6/4)	8 (=5/2)
2007	116.370	115.531	114.613	122.016	115.497	113.835	112.377	1.458	1,28 %	97,27 %
2008	121.533	120.347	119.410	124.196	120.347	114.835	113.070	1.765	1,54 %	93,95 %
2009	116.744	116.546	114.972	124.488	116.096	113.395	112.107	1.288	1,14 %	96,19 %
2010	122.316	123.061	120.521	127.526	122.937	123.203	120.490	2.713	2,20 %	97,91 %
2011 ⁴	126.527	126.527	126.527	126.527	126.527	127.219	126.497	722	0,57 %	99,98 %
2012	132.739	132.668	129.088	133.139	129.088	135.842	135.602	240	0,18 %	102,21 %
2013 ⁵	137.798	137.798	132.837	132.837	132.837	144.057	143.785	272	0,19 %	104,34 %
2014	136.066	136.061	135.005	136.444	135.505	138.577	138.440	137	0,10 %	101,75 %
2015 ⁶	141.337	141.337	141.214	141.214	141.214	141.769	141.586	183	0,13 %	100,18 %
2016	143.541	144.456	142.120	146.459	143.885	136.517	131.400	5.117	3,75 %	90,96 %
2017	134.899	135.422	133.790	138.029	134.490	126.877	126.416	461	0,36 %	93,35 %
2018 ⁷	141.406	141.240	140.431	142.663	140.666	142.215	141.780	436	0,31 %	100,38 %
Iomlán	1.571.277	1.570.994	1.550.527	1.595.539	1.559.089	1.558.341	1.543.549	14.791	0,95 %	98,25 %
¹ Tá na dearbhfigiúirí uile i bpraghsanna ainmniúla. ² Lena n-áirítear an buiséad ar vótáladh ina fhabhar, mar atá arna leasú, agus na leithreasuithe a tugadh anonn ó bhliain N-1 agus gan na leithreasuithe a tugadh anonn go bliain $n+1$. ³ Cur chun feidhme an bhuiséid deiridh, mar atá arna leasú, lena n-áirítear méideanna a tugadh anonn. ⁴ Ba ionann dréachtbhuiséad tosaigh na bliana 2011 agus EUR 130 136 milliún. Chuir an Coimisiún dréachtbhuiséad nua i láthair i mí na Samhna 2010. ⁵ Ba ionann dréachtbhuiséad tosaigh na bliana 2013 agus EUR 137 924 milliún. Chuir an Coimisiún dréachtbhuiséad nua i láthair i mí na Samhna 2012. ⁶ Ba ionann dréachtbhuiséad tosaigh na bliana 2015 agus EUR 142 137 milliún. Chuir an Coimisiún dréachtbhuiséad nua i láthair i mí na Samhna 2014. ⁷ Figiúirí sealadacha.										

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa
Ardrúnaí na Comhairle
Uachtarán an Choimisiúin
Uachtarán na Cúirte Breithiúnais
Uachtarán na Cúirte Iniúcháirí
Uachtarán Choiste na Réigiún
Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
An tOmbudsman Eorpach
An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí
Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála

A Chara,

Táim ag seoladh chugat faoi chlúdach ar leith¹ na conclúidí ón gComhairle maidir leis na treoirlínte buiséid do 2020, a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú deireanach a bhí aici an 12 Feabhra 2019.

[Clabhsúr dea-mhéine].

¹ 5823/19.